Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2127

10.10.2023

**CINNEADH (CBES) 2023/2127 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 9 Deireadh Fómhair 2023**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1720 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 14 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/1720 ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua.

(2) Beidh feidhm ag Cinneadh (CBES) 2019/1720 go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2023. Ar bhonn athbhreithniú ar an gCinneadh sin, ba cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a fhadú go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2024, agus an ráiteas ar chúiseanna maidir le seisear daoine nádúrtha agus eintiteas dlítheanach amháin a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2019/1720 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1720 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

‘*Airteagal 9*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2024 agus coimeádfar faoi athbhreithniú é go leanúnach. Déanfar é a athnuachan nó a leasú, de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.’;

(2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 9 Deireadh Fómhair 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
Y. DÍAZ PÉREZ

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/1720 ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua (IO L 262, 15.10.2019, lch. 58).

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/1720 mar seo a leanas:

(1) Faoi theideal 'A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagail 1(1) agus 2(1)', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 7, 8, 11, 17, 18, agus 19:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '7. | Rosario María MURILLO ZAMBRANA<br>Ailias: Rosario María MURILLO DE ORTEGA | Post/poist: Leas-Uachtarán Phoblacht Nicearagua (ó 2017). Bean chéile an Uachtaráin, Daniel Ortega<br>Dáta breithe: 22 Meitheamh 1951<br>Áit bhreithe: Managua, Nicearagua<br>Inscne: baineann<br>Náisiúntacht: Nicearaguach<br>Uimhir an phas: A00000106 (Nicearagua) | Leas-Uachtarán Nicearagua, Céadbhean Nicearagua agus ceannaire an Sandinista Youth. Dar leis an Uachtarán, Daniel Ortega, a chuireann í i láthair mar 'comh-Uachtarán' de facto na tíre, roinneann Rosario María Murillo Zambrana leath na cumhachta leis. Bhí ról lárnach aici maidir leis an gcos ar bolg a rinne Póilíní Náisiúnta Nicearagua ar léirsithe an fhreasúra in 2018 a spreagadh agus údar a thabhairt leis. I mí an Mheithimh 2021, bhagair sí go poiblí freasúra Nicearagua agus chaith sí amhras ar iriseoirí neamhspleácha. Rinneadh na bagairtí sin arís agus arís eile ó shin i leith. I mí Feabhra 2023, nocht Daniel Ortega gurb í Rosario María Murillo Zembrana an duine a chur tús leis an gcos ar bolg nua, eadhon cos ar bolg a bhaineann le 222 phríosúnach pholaitiúla a dhíbirt agus a saoránacht a bhaint díobh.<br>Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach agus as an mbonn a bhaint den daonlathas i Nicearagua. | 2.8.2021 |
| 8. | Gustavo Eduardo PORRAS CORTÉS | Post/poist: Uachtarán Thionól Náisiúnta Phoblacht Nicearagua (ó Eanáir 2017)<br>Dáta breithe: 11 Deireadh Fómhair 1954<br>Áit bhreithe: Managua, Nicearagua<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Nicearaguach | Uachtarán Thionól Náisiúnta Nicearagua ó Eanáir 2017 agus comhalta de cheannaireacht náisiúnta an Sandinista National Liberation Front (FSLN) ó 1996.<br>Ina phost mar Uachtarán Thionól Náisiúnta Nicearagua, tá sé freagrach as glacadh roinnt gníomhartha dlí diansmachta a chur chun cinn, ina measc dlí maithiúnais a choisceann aon fhiosrúchán i gcoinne déantóirí sáruithe ollmhóra ar chearta an duine in 2018, dlíthe a bhaineann an bonn den tsaoirse agus den phróiseas daonlathach i Nicearagua, agus dlíthe a bhaineann cearta sibhialta de shaoránaigh, lena n-áirítear Easpag Matagalpa, Rolando José Álvarez Lagos.<br>Dá bhrí sin, tá sé freagrach as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta, ar an bhfreasúra daonlathach agus ar ionaduithe na hEaglaise, chomh maith leis an mbonn a bhaint go mór den daonlathas agus den smacht reachta i Nicearagua. | 2.8.2021 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 11. | Fidel de Jesús DOMÍNGUEZ ÁLVAREZ | Post/poist: Ceannaire na bpóilíní in Leon, Coimisinéir Ginearálta na bPóilíní Náisiúnta<br>Dáta breithe: an 21 Márta 1960<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Nicearaguach | Ina phost mar Cheannaire na bpóilíní in Leon ón 23 Lúnasa 2018 agus mar Choimisinéir Ginearálta na bPóilíní Náisiúnta ó Mheán Fómhair 2020, tá Fidel de Jesús Domínguez Alvarez freagrach as an iliomad sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, go háirithe as gabhálacha treallacha agus coinneáil, lena n-áirítear baill teaghlaigh an fhreasúra pholaitiúil a fhuadach, bagairtí báis, úsáid iomarcach fornirt agus sárú ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus ar shaoirse na meán. Meastar go bhfuil sé ar dhuine de na príomhfhigiúirí a bhfuil cos ar bolg á imirt aige ar an bhfreasúra daonlathach i réigiún Leon.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach. | 2.8.2021 |
| 17. | Brenda Isabel ROCHA CHACÓN | Post/poist: Uachtarán na hArdchomhairle um Thoghcháin<br>Dáta breithe: 10.2.1967<br>Áit bhreithe: Bonanza, Nicearagua<br>Inscne: baineann<br>Náisiúntacht: Nicearaguach | Tá Brenda Isabel Rocha Chacón ina hUachtarán ar an Ardchomhairle um Thoghcháin (SEC) ó mhí na Bealtaine 2021, ar comhlacht í atá freagrach as ullmhúchán, reáchtáil agus deimhniú olltoghcháin an 7 Samhain 2021 agus toghcháin áitiúla an 6 Samhain 2022, a bhain an bonn de institiúidí daonlathacha agus de phróisis dhaonlathacha de bharr easpa trédhearcachta chomh maith le fíor-fhreasúra agus díospóireacht dhaonlathach a bheith in easnamh. Thóg SEC an deis ón bhfreasúra seasamh i saorthoghcháin agus d'áirithigh sé eagrú na vótála i ndálaí neamhdhaonlathacha.<br>Dá bhrí sin, tá sí freagrach as cos ar bolg a imirt ar an bhfreasúra daonlathach agus as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Nicearagua. | 10.1.2022 |
| 18. | Cairo Melvin AMADOR ARRIETA | Post/poist: Leas-Uachtarán na hArdchomhairle um Thoghcháin<br>Dáta breithe: 1952<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Nicearaguach | Tá Cairo Melvin Amador Arrieta ina Leas-Uachtarán ar an Ardchomhairle um Thoghcháin (SEC) ó mhí na Bealtaine 2021, ar comhlacht í atá freagrach as ullmhú, reáchtáil agus deimhniú olltoghcháin an 7 Samhain 2021 agus toghcháin áitiúla an 6 Samhain 2022, a bhain an bonn de institiúidí daonlathacha agus de phróisis dhaonlathacha de bharr easpa trédhearcachta chomh maith le fíor-fhreasúra agus díospóireacht dhaonlathach a bheith in easnamh. Thóg SEC an deis ón bhfreasúra seasamh sna saorthoghcháin agus d'áirithigh sé eagrú na vótála i ndálaí neamhdhaonlathacha.<br>Dá bhrí sin, tá sé freagrach as cos ar bolg a imirt ar an bhfreasúra daonlathach agus as an mbonn a bhaint ón daonlathas agus ón smacht reachta i Nicearagua. | 10.1.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 19. | Lumberto Ignacio CAMPBELL HOOKER | Post/poist: Comhalta den Ardchomhairle um Thoghcháin, Uachtarán gníomhach ar an Ardchomhairle um Thoghcháin in 2018<br>Dáta breithe: 3.12.1949<br>Áit bhreithe: Raas, Nicearagua<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Nicearaguach<br>Uimhir an phas: A00001109 (Nicearagua)<br>Uimhir aitheantais: 6010302490003J | Tá Lumberto Ignacio Campbell Hooker ina chomhalta den Ardchomhairle um Thoghcháin (SEC) ó 2014, ar comhlacht í atá freagrach as ullmhúchán, reáchtáil agus deimhniú olltoghcháin an 7 Samhain 2021 agus toghcháin áitiúla an 6 Samhain 2022 a bhain an bonn de institiúidí daonlathacha agus de phróisis dhaonlathacha de bharr easpa trédhearcachta chomh maith le fíor-fhreasúra agus díospóireacht dhaonlathach a bheith in easnamh. Thóg SEC an deis ón bhfreasúra seasamh i saorthoghcháin agus d'áirithigh sé eagrú na vótála i ndálaí neamhdhaonlathacha. Rinne an Comhthionól Ginearálta a shainordú mar chomhalta de SEC a athnuachan i mí na Bealtaine 2021.<br>Labhair sé leis na meáin le linn na n-olltoghchán an 7 Samhain 2021 agus na dtoghchán áitiúil an 6 Samhain 2022, agus thug sé údar agus ardmholadh dá n-eagraíocht.<br>Dá bhrí sin, tá sé freagrach as cos ar bolg a imirt ar an bhfreasúra daonlathach agus as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Nicearagua. | 10.1.2022' |

(2) Faoin gceannteideal 'B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1)' cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 3:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '3. | Nicaraguan Institute of Telecommunications and Postal Services | Seoladh: Avenida Bolívar, Esquina diagonal al edifico de la Cancillería, Aptdo 2664, Managua 10000, Nicearagua<br>Dáta clárúcháin: 12.6.1982<br>Suíomh gréasáin: https://www.telcor.gob.ni | Is é an Nicaraguan Institute of Telecommunications and Postal Services (TELCOR) an t-eintiteas rialála seirbhísí teileachumarsáide agus poist. Tá úsáid bainte ag údaráis Nicearagua as chun meáin neamhspleácha a chur ina dtost, lena n-áirítear trí cinn d'eagraíochtaí nuachta ó 2018 i leith, le linn an cos ar bolg in 2018 agus tar éis olltoghcháin 2021. Le linn an fheachtais olltoghcháin, bhí feachtas bréagaisnéise á chur chun feidhme ar mórscála ag TELCOR. Mar an institiúid atá i gceannas ar chur chun feidhme 'an dlí cibearshlándála', tá TELCOR ag reáchtáil agus ag oibriú gníomhaíochtaí faireachais maidir leis an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach. Ina theannta sin, leanann TELCOR lena fheachtas maidir le rialú daingean na meán, trí stáisiúin raidió a dhúnadh atá báúil leis an bhfreasúra daonlathach.<br>Tá TELCOR freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach. | 10.1.2022' |